Cúrsaí Carthanachta

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi easpa airgid na gcumann carthanachta. Éist leis an mhír uair amháin agus déan iarracht leagan eile de na focail / frásaí thíos a aimsiú inti:

1. ar mire: _____
2. ag déanamh neamhairde: _____
3. bocht: _____
4. taobh amuigh de: _____
5. casadh leo: _____
6. i láthair na huaire: _____
7. gach seachtain: _____
8. fearg: _____
9. a choinneáil: _____
10. cóir nó ceart: _____

Ceist 2 Éist leis an mhír arís agus freagair na ceisteanna seo:

1. Cén fáth a bhfuil Cumann Naomh Uinseann de Pól míshásta leis an rialtas?
2. Cén t-am den bhliain is mó a bhíonn éileamh ar sheirbhísí Chumann Naomh Uinseann de Pól?
3. Cad iad na fadhbanna airgeadais a bhíonn ag muintir na hÉireann de réir urlabhraí Chumann Naomh Uinseann de Pól, Breandán Ó hAonghusa?
4. Cé mhéad béile a sholáthraíonn *Penny Dinners*?
5. Cad a dúirt Mario Draghi?
6. Cad a dúirt Breandán a chaithfidh an rialtas a dhéanamh?
7. Cén teachtaireacht atá ag Cumann Naomh Uinseann de Pól do mhuintir na tíre?

Ceist 3 Scríobh achoimre ghairid ar ábhar na míre.

Ceist 4. Féach féin agus an duine in aice leat ar an sliocht seo ón mhír. An féidir libh na pointí teanga a bhfuil cló dubh orthu a mhíniú?

Fáilte ar ais. Tá Cumann Naomh Uinseann de Pól ar buile leis an rialtas agus le **h**Uachtarán an Bhainc Cheannais Eorpaigh a deir siad. Deir an cumann go bhfuiltear ag tabhairt cluas b**h**odhar do ghrúpaí mar iad atá ag obair ar m**h**aithe le daoine atá ar an **n**gannchuid.

Le blianta beaga anuas bíonn éileamh mór ar s**h**eirbhísí Chumann Naomh Uinseann de Pól ó cheann ceann na bliana seachas ag an am seo den b**h**liain amháin. Ar maidin dúirt Leas-Uachtarán an c**h**uma**i**nn Tom McSweeney nach bhfuil cluas éisteachta á fáil ón rialtas acu agus nach raibh an tAire Joan Burton sásta bualadh leo faoin mbuiséad.

Ceist 5 '… *Leas-Uachtarán* ***an chumainn*** …'

(a) Cén fáth ar athraíodh 'an cumann' go dtí '…an chumainn' thuas?
(b) Déan na hathruithe cuí leis na focail fhirinscneacha idir lúibíní. Bain úsáid as an sampla thuas mar threoir:

Doirse (an gluaisteán) _____
Dath (an bord) _____
Ag oscailt (an doras) _____
Áilleacht (an pictiúr) _____
Cáil (an scannán) _____
Hata (an fear) _____
Leathanaigh (an cóipleabhar) _____
Ag glanadh (an clár) _____

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

a) Má théann tú thar dhuine atá ag iarraidh déirce ar an tsráid an dtugann tú airgead dó? Cad chuige?

b) Cén fáth a bhfuil i bhfad níos mó daoine bochta in Éirinn anois, ná mar a bhí cúpla bliain ó shin?

c) An tír bhocht í Éire i gcomparáid le tíortha eile ar an domhan? Mínigh.

Freagraí

Ceist 1

1. ar mire:	*ar buile*
2. ag déanamh neamhairde:	*ag tabhairt cluas bhodhar*
3. bocht:	*ar an ngannchuid*
4. taobh amuigh de:	*seachas*
5. casadh leo:	*bualadh leo*
6. i láthair na huaire:	*faoi láthair*
7. gach seachtain:	*chuile sheachtain*
8. fearg:	*goimh*
9. a choinneáil:	*a choimeád*
10. cóir nó ceart:	*féaráilte*

Ceist 2

1. Tá an cumann ar mire leis an rialtas agus le hUachtarán an Bhainc Cheannais Eorpaigh mar deir sé go bhfuil siad ag déanamh neamhairde do ghrúpaí cosúil leis féin a chuidíonn le daoine bochta.
2. Bhíodh éileamh níos mó ann aimsir na Nollag ach anois tá an t-éileamh céanna ann i rith na bliana.
3. Bíonn deacrachtaí acu morgáistí a íoc agus a leithéidí billí fuinnimh a íoc.
4. Míle, trí chéad béile sa tseachtain.
5. Go mbeidh ar na daoine is boichte íoc as na ciorruithe.
6. Caithfidh sé na híocaíochtaí leasa shóisialaigh a choinneáil mar atá.
7. Má tá deacrachtaí airgid ag duine gur cheart dó labhairt leis an Chumann Naomh Uinseann de Pól agus a bheith i dteagmháil leo.

Ceist 3

Iarr ar na foghlaimeoirí achoimre bheag a scríobh.

Ceist 4

- le **h**Uachtarán: Cuirtear h ar ghuta tar éis na réamhfhocal ‘go’ agus ‘le’, toisc go gcríochnaíonn siad ar ghutaí agus go n-éascaíonn sé an fhoghraíocht h a bheith idir an dá ghuta.
- cluas b**h**odhar: Is focal baininscneach é ‘cluas’ agus tá séimhiú ar an aidiacht ar leanann é dá bharr.
- ar m**h**aithe: Leanann séimhiú an réamhfhocal simplí ‘ar’ nuair nach aonad céille atá i gceist.
- ar an **n**gannchuid: An tuiseal tabharthach. Cuirtear urú ar chonsan, más féidir, tar éis ‘ar an’, ‘ag an’, ‘leis an’, ‘roimh an’, ‘ón’, ‘faoin’, srl.
- ar s**h**eirbhísí: Leanann séimhiú an réamhfhocal simplí ‘ar’ nuair nach aonad céille atá i gceist.
- den b**h**liain: An tuiseal tabharthach. Cuirtear h ar chonsan tar éis ‘den’, ‘don’ agus ‘sa’.
- Leas-Uachtarán an c**h**uma**i**nn: An tuiseal ginideach, uimhir uatha, ainmfhocal firinscneach.

Ceist 5 (a)

Seo é an tuiseal ginideach, uimhir uatha, ainmfhocal firinscneach.

Ceist 5 (b)

Doirse (an gluaisteán)	*doirse an ghluaisteáin*
Dath (an bord)	*dath an bhoird*
Ag oscailt (an doras)	*ag oscailt an dorais*
Áilleacht (an pictiúr)	*áilleacht an phictiúir*

Cáil (an scannán)	*cáil an scannáin*
Hata (an fear)	*hata an fhir*
Leathanaigh (an cóipleabhar)	*leathanaigh an chóipleabhair*
Ag glanadh (an clár)	*ag glanadh an chláir*

Ceist 6

Abair leis na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé ina mbeirteanna nó i ngrúpaí.

Eimear Ní Chonaola
Fáilte ar ais. Tá Cumann Naomh Uinseann de Pól ar buile leis an rialtas agus le hUachtarán an Bhainc Cheannais[i] Eorpaigh a deir siad. Deir an cumann go bhfuiltear ag tabhairt cluas bhodhar do ghrúpaí mar iad atá ag obair ar mhaithe le daoine atá ar an ngannchuid.

Barraí Mescall
Le blianta beaga anuas bíonn éileamh mór ar sheirbhísí Chumann Naomh Uinseann de Pól ó cheann ceann na bliana seachas ag an am seo den bhliain amháin. Ar maidin dúirt Leas-Uachtarán an chumainn, Tom McSweeney, nach bhfuil cluas éisteachta á fáil[ii] ón rialtas acu agus nach raibh an tAire Joan Burton sásta bualadh leo faoin mbuiséad.

Breandán Ó hAonghusa
Ní bhfuaireamar[iii] aon chruinniú, cruinniú príobháideach mar shampla leo chun an scéal a rá dóibh go bhfuil daoine in Éirinn[iv] anois faoi…i bhfadhbanna morgáiste, fadhbanna…ní féidir leo bille fuinnimh a íoc.

Barraí Mescall
Faoi láthair tugann an charthanacht *Penny Dinners* i gCorcaigh 1,300 béile amach chuile sheachtain. Chuir sé an ghoimh ar Chumann Naomh Uinseann de Pól a bhíonn ag obair leo siúd nuair a dúirt Mario Draghi, Uachtarán Bhanc[v] Lárnach na hEorpa leo go gcaithfeadh na daoine is boichte íoc as na ciorruithe. Mar sin, cad é an teachtaireacht atá acu don rialtas?

Breandán Ó hAonghusa
Caithfidh an rialtas na híocaíochtaí[vi] leasa shóisialaigh a chosaint agus ar a laghad iad a choimeád mar atá siad ag an am seo[vii]. Agus, níl sé féaráilte na seirbhísí poiblí acu a ghearradh ag an am céanna.

Barraí Mescall
Cé go bhfuil a dtuairimí faoin mbuiséad curtha ar aghaidh cheana féin go dtí an tAire[viii] Joan Burton tá teachtaireacht eile ag Cumann Naomh Uinseann de Pól dóibh siúd go bhfuil easpa orthu, is é sin, labhair linn agus bí i dteagmháil linn. Tá daoine eile sa chás ina bhfuil(eann) sibh. Barraí Mescall, Nuacht TG4, Cathair Chorcaí.

---

[i] *Ceannais* a deirtear
[ii] *á fháil* a deirtear
[iii] *níor fuaireamar* a deirtear
[iv] *i Éirinn* deirtear
[v] *Banc* a deirtear
[vi] *íocanna* a deirtear
[vii] *sin* a deirtear
[viii] Go minic tagann an tuiseal tabharthach in áit an tuisil ainmnigh i gcanúint na Mumhan